

An Bhruiséil, 9 Iúil 2026
(OR. en)

11697/26

STATIS 60
DELECT 109
COMPET 939

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 5011 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 3.7.2026 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5011 final.

Faoi iamh: C(2026) 5011 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
C(2026) 5011 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 3.7.2026

lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha

{SWD(2026) 500 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Faoin Treoir Chuntasaíochta (2013/34/AE)¹ arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD — 2022/2464)² agus le Treoir Omnibus I (2026/470)³, gnóthais a sháraíonn glanláimhdeachas EUR 450 000 000 ar dhátaí a gláir comhardaithe agus 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ceanglaítear orthu faisnéis a thuairisciú faoina dtionchair a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus faoin bhfaisnéis is gá chun tuiscint a chur ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais. Ní mór do ghnóthais tuairiscithe faisnéis den sórt sin a sholáthar ní hamháin maidir lena n-oibríochtaí féin ach maidir lena slabhra luacha freisin.

Le hAirteagal 29ca den Treoir Chuntasaíochta arna leasú le Treoir Omnibus I, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí acu. Ní mór na caighdeáin sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmlichthe.

Saothraítear dhá chuspóir leis an gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach ('caighdeán deonach'). Ar an gcéad dul síos, is é is aidhm dó tuairisciú deonach ar fhaisnéis inbhuanaitheachta a éascú trí chreat simplí caighdeánaithe a sholáthar do ghnóthais nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha. Tríd an méid sin a dhéanamh, éascaíonn an caighdeán deonach rochtain na ngnóthas sin ar mhaoiniú inbhuanaithe agus cuidíonn sé leo a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta féin a thuiscint agus faireachán a dhéanamh uirthi, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar a n-athléimneacht agus ar a n-iomaíochas, chomh maith lena gcáil i measc tomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus údaráis rialála, agus d'fhéadfadh cleachtais bhainistíochta níos fearr a bheith mar thoradh air ar deireadh.

Ar an dara dul síos, is é is aidhm don chaighdeán deonach dul i ngleic le 'héifeacht síothlaithe' an tuairiscithe ar an slabhra luacha, mar a thugtar air, trí theorainn a chur leis an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun críoch tuairiscithe inbhuanaitheachta ó ghnóthais sa slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí acu ('gnóthais faoi chosaint'). Go deimhin, na hiarrataí ar fhaisnéis a fhaigheann gnóthais slabhra luacha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, bíonn siad díréireach ar uairibh agus cuirtear isteach iad

¹ Treoir 2013/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>).

² Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj>). Leis an Treoir sin, neartaíodh agus athbhreithníodh na ceanglais maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais a tugadh isteach sa Treoir Chuntasaíochta le Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le nochtadh na faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais mhóra áirithe agus grúpaí móra áirithe (an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais – NFRD).

³ Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach (IO L, 2026/470, 26.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2026/470/oj>).

trí bhíthin ceistneoirí éagsúla, neamhchomhordaithe agus forluiteacha, rud a thugann le tuiscint go bhfuil ualach breise ann.

Chun an aidhm a bhaint amach, is é sin teorainn a chur leis an éifeacht síothlaithe, bunaítear le Treoir Omnibus I go bhfeidhmeoidh an caighdeán deonach mar ‘chaidhp slabhra luacha’. Agus iad ag iarraidh faisnéis a fháil faoina slabhra luacha, tá toirmeasc ar ghnóthais atá faoi réir cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantacha na Treorach Cuntasaíochta (‘gnóthais tuairiscithe’) faisnéis a éileamh ar ghnóthais faoi chosaint, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun an chaighdeáin dheonaigh. An tráth céanna, tá de cheart reachtúil ag gnóthais faoi chosaint diúltú faisnéis a sholáthar a théann thar na teorainneacha sin. Thairis sin, ceanglaítear ar ghnóthais tuairiscithe a roghnaíonn faisnéis a iarraidh a sháraíonn na teorainneacha sin a áirithiú go gcuirtear gnóthais faoi chosaint ar an eolas faoin bhfaisnéis bhreise a iarrtar agus faoina gceart reachtúil chun diúltú í a sholáthar.

Chun comhréireacht a áirithiú, ní chuireann an chaidhp slabhra luacha toirmeasc ar chomhroinnt faisnéise, ar bhonn deonach, faisnéis a chomhroinntear go coitianta i measc gnóthas in earnáil ar leith. Ní dhéanann sé difear d’aon oibleagáid chonarthaigh ná oibleagáid chonarthaigh a eascraíonn as dlí an Aontais nó as an dlí náisiúnta, faisnéis a sholáthar nach mó í ná an fhaisnéis a shonraítear sa chaighdeán deonach. Ina theannta sin, níl feidhm ag an gcaidhp slabhra luacha ach amháin maidir le bailiú faisnéise chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoin Treoir Chuntasaíochta.

De réir Airteagal 29ca den Treoir Chuntasaíochta, ní mór do na caighdeáin dheonacha na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh maidir leis an ábhar atá iontu: (i) ní mór dóibh a bheith bunaithe ar Mholadh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide (Caighdeán VSME) ina leagan bunaidh⁴; (ii) ní mór dóibh a bheith comhréireach agus ábhartha freisin i leith acmhainneachtaí agus shaintréithe na ngnóthas ar lena n-aghaidh atá siad ceaptha agus i leith scála agus chastacht a ngníomhaíochtaí; (iii) ní mór dóibh an struchtúr atá le húsáid chun faisnéis inbhuanaitheachta den sórt sin a chur i láthair a shonrú.

I gcomhréir leis na ceanglais sin, coinníodh athruithe a rinneadh ar chaighdeán TD-FBM chun an caighdeán deonach a fhorbairt chomh híseal agus is féidir agus rinneadh iad go príomha chun ailíniú leis an tacar athbhreithnithe ESRS a áirithiú⁵. Áirithítear leis an gcur chuige sin deimhneacht dhlíthiúil agus leanúnachas do ghnóthais a raibh caighdeán TD-FBM á chur i bhfeidhm acu cheana féin faoi Mholadh TD-FBM, a bhí ina réiteach idirmheánach chun freastal ar éileamh an mhargaidh go dtí go nglacfaí an caighdeán deonach, agus a dtagann an gníomh tarmligthe seo ina ionad.

Thairis sin, léirítear leis an gcur chuige sin an tuiscint éabhlóidithe ar choincheap na comhréireachta sa tuairisciú inbhuanaitheachta mar a bhunaítear faoin Treoir Omnibus I i bhfianaise na bhforbairtí geopholaitiúla is déanaí agus na béime athnuaithe ar iomaíochas ghnóthais an Aontais. Bunaithe ar an gcothromóid chomhréireachta nua sin, le Treoir Omnibus I baineadh gnóthais áirithe de raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantaigh agus, san am céanna, tá gníomh tarmligthe á ghlacadh ag an gCoimisiún chun ESRS a shimpliú agus, ar an gcaoi sin, na ceanglais tuairiscithe ar na gnóthais a fhanann faoin raon feidhme a laghdú go suntasach.

⁴ Moladh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2025 maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2025/1710, 5.8.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1710/oj>).

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta áirithe a shimpliú (IO XX, ELI:XXX). [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir, dáta, tagairt IO agus uimhir ELI Rialachán Tarmligthe C(2026) 5010].

I gcomhthéacs an athchalabraithe sin ar oibleagáidí tuairiscithe, le caighdeán deonach a fhanann ailínithe go dlúth le caighdeán TD-FBM, a ceapadh ar dtús do FBManna, meastar go bhfuil sé comhréireach do ghnóthais a bhfuil suas le 1 000 fostaí acu. Dá gcuirfí aon rud mór leis an gCaighdeán TD-FBM, mhéadófaí an leibhéal tagartha don chaidhp slabhra luacha, rud a laghdódh an chosaint do ghnóthais i slabhraí luacha.

Leis an Rialachán Tarmlichte seo, forlíontar Airteagal 29ca(1) den Treoir Chuntasaíochta arna leasú le Treoir Omnibus I trí chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú le haghaidh úsáid dheonach ag gnóthais atá faoi chosaint na caidhpe slabhra luacha ('Caighdeán Deonach').

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Foráiltear le Treoir Omnibus I nach mór na caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach a bheith bunaithe ar Mholadh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún, lenar fhormhuinigh an Coimisiún caighdeán TD-FBM a d'fhorbair an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais agus a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i mí na Nollag 2024.

Forbraíodh caighdeán TD-FBM an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais tar éis dianphróiseas cuí lena n-áirítear comhairliúchán poiblí 4 mhí agus tástáil allamuigh ó mhí Eanáir 2024 go mí na Bealtaine 2024. D'fhiosraigh an comhairliúchán ailtireacht an chaighdeáin, ábharthacht na nochtaí atá beartaithe, na simplithe a baineadh amach agus glacadh an mhargaidh, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar na costais agus na dúshláin a bhaineann leis na nochtaí, sothuigtheacht agus úsáideacht na treoraíochta a soláthraíodh agus na tairbhí a bhfuil coinne leo.

Le linn chomhairliúchán an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais, chuir páirtithe leasmhara in iúl go dtacaíonn siad le caighdeán TD-FBM mar uirlis tuairiscithe shimplithe agus mar athsholáthar bailí ar na ceistneoirí a úsáideann bainc agus gnóthais mhóra chun faisnéis a iarraidh ó FBManna ina slabhraí luacha. Dá bhrí sin, deimhníodh leis an aiseolas go mbaintear amach leis an gcaighdeán TD-FBM a phríomhchuspóir maidir le hualaí tuairiscithe a laghdú trí chreat comhleanúnach aonair a chur in ionad iarrataí ilroinnte ar fhaisnéis fhorluiteach lena ndéantar bailiú sonraí a chuíchóiriú agus a chaighdeánú.

Tar éis an chumhachtaithe chun caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh úsáid dheonach faoi Threoir Omnibus I agus mar a cheanglaítear faoin Treoir Chuntasaíochta⁶, cuireadh caighdeán TD-FBM faoi réir tuilleadh comhairliúchán a bhí á reáchtáil ag seirbhísí an Choimisiúin.

Chuathas i gcomhairle go comhpháirteach leis an gCoiste Rialála Cuntasaíochta⁷ agus le Grúpa Saineolaithe na mBallstát um Maoiniú Inbhuanaithe⁸ maidir leis na hoiriúnuithe is gá d'ábhar chaighdeán TD-FBM chun feidhmiú mar chaighdeán deonach faoi mar a éilíonn comhreachtóirí faoi Threoir Omnibus I agus, lá níos faide anonn, maidir leis an ngníomh tarmlichte deiridh. Leag formhór na bhfreagróirí béim ar a thábhachtaí atá sé an caighdeán deonach a ailíniú leis an tacar athbhreithnithe ERSR.

⁶ Airteagal 49(3a) den Treoir Chuntasaíochta.

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeán chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj>).

⁸ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj>).

Ina theannta sin, foilsíodh an gníomh tarmligthe seo le haghaidh an chomhairliúcháin 4 seachtaine ‘Cloisimis Uait’⁹. Sa chomhthéacs sin, an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, bhí sé cothrom den chuid is mó maidir leis na príomh-shaincheistean, agus bhí tuairim choiteann ann go ginearálta maidir leis an ngá atá le sásra na caidhpe slabhra luacha a shoiléiriú a mhéid is féidir.

Deimhníodh leis na comhairliúcháin sin go gcomhlíonann caighdeán TD-FBM cuspóirí simpliúcháin agus breithnithe comhréireachta Threoir Omnibus I den chuid is mó agus gur bonn oiriúnach é chun an caighdeán deonach a fhorbairt. Mar sin féin, cuireadh roinnt ábhar inné in iúl maidir le hindéantacht an chaighdeáin do mhicreaghnóthais agus maidir le cé acu a chosnódh sé na gnóthais sin go leordhóthanach ar éilimh dhíríreacha faisnéise. Chun torthaí na gcomhairliúcháin a chur san áireamh, rinne an Coimisiún caighdeán TD-FBM a mhodhnú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An t-ábhar a ailíniú leis an tacar athbhreithnithe ESRS, rud a laghdóidh an líon pointí sonraí i gcomparáid le caighdeán TD-FBM;
- Forálacha áirithe maidir le cur i bhfeidhm na caidhpe slabhra luacha a shoiléiriú agus na pointí sonraí a áirítear faoin gcaidhp in Iarscríbhinn II a liostú;
- A shonrú maidir le nochtaí áirithe, go háirithe nochtaí comhshaoil níos dúshlánaí, go bhfuil siad deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu a chuireann an caighdeán i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá na nochtaí lena mbaineann os cionn na caidhpe slabhra luacha le haghaidh na ngnóthas sin.

An toradh a rinneadh ar na modhnuithe ar chaighdeán TD-FBM, is é sin an caighdeán deonach a ghlactar faoin Rialachán seo.

Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhsheasmhacht an Rialacháin seo leis na cuspóirí aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Dlí Aeráide Eorpach (Rialachán (AE) 2021/1119)¹⁰, agus leis an gcuspóir go n-áiríteofar go ndéanfar dul chun cinn maidir leis an oiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 29ca de Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta) arna leasú le Treoir (AE) 2026/470 (Treoir Omnibus I). Sonraítear ann na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais atá lasmuigh de raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantaigh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta agus a fhéadfaidh na caighdeáin sin a úsáid ar bhonn deonach. Thairis sin, bunaítear leis an Rialachán sin an leibhéal tagartha don chaidhp slabhra luacha, mar a thugtar uirthi, de bhun Airteagail 19a(3) agus 29a(3) den Treoir Chuntasaíochta.

Gabhann na hIarscríbhinní seo a leanas leis an ngníomh tarmligthe seo:

– Iarscríbhinn I, arb é an caighdeán deonach é agus lena n-áirítear:

- Bunmhodúl:

Faisnéis ghinearálta

⁹ Reachtáladh an Comhairliúcháin ‘Cloisimis Uait’ ón 6 Bealtaine go dtí an 3 Meitheamh 2026 agus fuarthas 203 fhreagra.

¹⁰ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj>).

B1 – An Bunús leis an ullmhú

B2 – Cleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe

Bunmhodúl – Méadracht comhshaoil

B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach

B5 – Bithéagsúlacht

B6 – Uisce

B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola

Bunmhodúl – Méadracht shóisialta

B8 – Lucht saothair – Saintréithe ginearálta

B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht

B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint

Bunmhodúl – Méadracht rialachais

B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht

- Modúl cimsitheach:

Faisnéis ghinearálta

C1 – Straitéis: Samhail Ghnó agus Inbhuanaitheacht – Tionscnaimh Ghaolmhara

C2 – Tuairisc ar chleachtais, beartais agus tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe

Modúl Cuimsitheach – Méadracht comhshaoil

Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl)

C3 – Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide

C4 – Rioscaí aeráide

Modúl Cuimsitheach – Méadracht sóisialta

C5 – Saintréithe breise (ginearálta) den lucht saothair

C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair féin - Beartais agus próisis um chearta an duine

C7 – Teagmhais um chearta an duine

Modúl cuimsitheach – Méadracht rialachais

C8 — Ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe

C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais

- Foscúbhinn A: Téarmaí sainmhínithe

- Foscúbhinn B: Liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha.

- Foscríbhinn C: Faisnéis chúlra le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar úsáideoirí na faisnéise a léirítear leis an gCaighdeán seo iad (réiteach le rialacháin eile an Aontais Eorpaigh)
- Iarscríbhinn II, ina gcuirtear i láthair liosta de na nochtaí a chumhdaítear leis an gcaidhp slabhra luacha.

Tá feidhm ag an ngníomh tarmligthe seo ón mbliain airgeadais 2027 maidir le tuairisciú slabhra luacha gnóthas atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta sainordaitheach. Tá feidhm aige freisin ón dáta theacht i bhfeidhm maidir le gnóthais nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu ar dhátaí a gcláir comhardaithe le linn na bliana airgeadais roimhe sin agus ar mian leo tuairisciú ar inbhuanaitheacht ar bhonn deonach.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 3.7.2026

lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE¹¹ ón gComhairle agus go háirithe Airteagal 29ca(1), di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² leasaíodh Treoir 2013/34/AE trí – *inter alia* – líon na ngnóthas a gceanglaítear orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin a laghdu agus trí na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a shimpliú.
- (2) Chun tuairisciú deonach faisnéise inbhuanaitheachta ag gnóthais nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha faoi Threoir 2013/34/AE a éascú arna leasú le Treoir (AE) 2026/470, ceanglaítear leis an Treoir sin ar an gCoimisiún caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh úsáid dheonach. Ba cheart don chaighdeán sin gníomhú freisin mar ‘chaidhp slabhra luacha’, lena dtoirmeasctar ar eintitis a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE faisnéis a sháraíonn na teorainneacha dá bhforáiltear leis an gcaighdeán a éileamh ar ghnóthais ina slabhra luacha nach mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais roimhe sin.

¹¹ Treoir 2013/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>).

¹² Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach (Treoir Omnibus I) (IO L, 2026/470, 26.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2026/470/oj>).

- (3) Tá an caighdeán le haghaidh úsáid dheonach a ghlahtar sa Rialachán seo bunaithe ar an gcaighdeán a glacadh faoi Mholadh (AE) 2025/1710¹³ ón gCoimisiún agus coinníonn sé a struchtúr modúlach ar bun ina bhfuil bunmhodúl agus modúl cuimsitheach. Tá cineálacha éagsúla pointí sonraí sa chaighdeán le haghaidh úsáid dheonach, lena n-áirítear pointí sonraí fíor-riachtanacha nach mór do ghnóthas a thuairisciú agus an caighdeán á chur i bhfeidhm aige, pointí sonraí nach bhfuil gá leo ach amháin in imthosca sonraithe áirithe, pointí sonraí atá deonach, agus pointí sonraí nach bhfuil le cur san áireamh ach amháin agus faisnéis earnáilsonrach á tuairisciú. Thairis sin, chun a áirithiú go bhfuil an caighdeán comhréireach le haghaidh gnóthais ar mhéideanna éagsúla, ba cheart pointí sonraí áirithe a bheith deonach le haghaidh gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu, cé gur pointí sonraí fíor-riachtanacha iad le haghaidh gnóthais eile a chuireann an caighdeán i bhfeidhm.
- (4) Is gá a leagan amach conas ba cheart don chaidhp slabhra luacha oibriú i bhfianaise na gcineálacha éagsúla pointí sonraí atá sa chaighdeán. Is gá freisin cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir gnóthais sa slabhra luacha a chosaint ar éilimh iomarcacha ar fhaisnéis agus a áirithiú nach dtuigfear le cur i bhfeidhm na caidhpe ar an slabhra luacha go mbeidh ualach breise nach bhfuil gá leis ar ghnóthais atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta sainordaitheach. Dá bhrí sin, níor cheart ach pointí sonraí fíor-riachtanacha a chumhdach leis an gcaidhp slabhra luacha. Chun soiléireacht a fheabhsú, ba cheart na nochtaí a chumhdaítear leis an gcaidhp slabhra luacha a leagan amach i liosta tiomnaithe, ar liosta é ar cheart dó idirdhealú a dhéanamh ann idir na nochtaí arb iad an chaidhp iad le haghaidh gnóthais ag a bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí agus iad siúd arb iad an chaidhp iad le haghaidh gnóthais ag a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú. Tá sé tábhachtach maidir le gnóthais atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha faoi Threoir 2013/34/AE, nach n-iarrfaidh siad faisnéis ach ar ghnóthais ina slabhra luacha agus sin a mhéid is gá, agus go n-iarrfaidh siad níos lú faisnéise ná mar a shonraítear sa chaighdeán le haghaidh úsáid dheonach mura bhfuil an fhaisnéis uile sa chaighdeán sin ag teastáil uathu. Níl feidhm ag an gcaidhp slabhra luacha ach amháin maidir le bailiú faisnéise a dhéantar chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoin dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/34/AE agus, dá bhrí sin, níor cheart di difear a dhéanamh d'iarrataí ar fhaisnéis is gá chun oibleagáidí a eascraíonn as dlí eile de chuid an Aontais nó as dlí náisiúnta eile a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha a leagtar amach inti.
- (5) Ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart a mheas nach bhfuil aon éifeacht dhlíthiúil a thuilleadh ag Moladh (AE) 2025/1710. Mar sin féin, moltar fós d'institiúidí airgeadais, rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, gnóthais árachais agus institiúidí creidmheasa a n-iarrataí ar fhaisnéis inbhuanaitheachta ó ghnóthais ag a bhfuil 1 000 fostaí nó níos lú chun críoch seachas tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Threoir 2013/34/AE a theorannú a mhéid is féidir don fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Moltar do na Ballstáit freisin feacht a mhúscailt i measc gnóthais ag a bhfuil 1 000 fostaí nó níos lú faoi na tairbhí a bhaineann le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go deonach i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus bearta iomchuí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun cur chun feidhme agus glacadh an chaighdeáin a chothú chomh maith le tacú le digitiú uathoibríoch an tuairiscithe inbhuanaitheachta

¹³ Moladh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2025 maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2025/1710, 5.8.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1710/oj>).

dheonaigh bunaithe ar an gcaighdeán. Chun costais chomhlíontachta a íoslaghdú, níl sé d'oibleagáid ar ghnóthais a chuireann an caighdeán seo i bhfeidhm dearbhú a lorg le haghaidh na faisnéise a thuairiscíonn siad.

- (6) Chun am iomchuí a thabhairt do ghnóthais atá faoi réir cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantacha Threoir 2013/34/AE ullmhú do chur i bhfeidhm na gceanglas nua, ba cheart feidhm a bheith ag an gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach sin maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.
- (7) Chun é a chur ar a gcumas do ghnóthais nach bhfuil faoi réir cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha Threoir 2013/34/AE tairbhiú den chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach sin a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 49(3a) de Threoir 2013/34/AE, sula ghlac sé an Rialachán seo, chuaigh an Coimisiún sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe a d'ainmnigh gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016¹⁴,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘caidhp slabhra luacha’ uasteorainn na faisnéise inbhuanaitheachta a fhéadfaidh gnóthais atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a éileamh ar ghnóthais ina slabhra luacha nach nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí acu ar an meán, ar dháta a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais roimhe sin.

Airteagal 2

Tuairisciú deonach

1. Na gnóthais nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe shainordaitheacha faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, féadfaidh siad faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh ar bhonn deonach i gcomhréir leis an gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo (‘caighdeán deonach’).
2. Na gnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta ar bhonn deonach i gcomhréir leis an gcaighdeán deonach, féadfaidh siad úsáid a bhaint freisin as an treoraíocht phraiticiúil a sholáthraíonn an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais.

¹⁴ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinst/2016/512/oj).

Airteagal 3

Caidhp slabhra luacha

1. Bunófar leis an gcaighdeán deonach an chaidhp slabhra luacha do ghnóthais nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe shainordaitheacha faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE.
2. Ní chuimseoidh an chaidhp slabhra luacha ach na pointí sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 3 ó na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3.7.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN